

an t-é a d'imigh le gaoth

Trí bhraos gála, trí ghála feothan, trí fheothan stoirm agus trí stoirm hairicín. Francis Beaufort a rinne an rangú ar an ngaoth atá á úsáid ar fud an domhain. Éireannach a bhí ann as an Uaimh i gCo. na Mí. Bhí dearcadh ar leith ag Beaufort, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh.

Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.

Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas...

Website-<http://www.tnag.ie>

BISEACH

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

NOLLAIG 1998

SMAOINEAMH

Tá bliain eile bainte amach ag an gCumann Forbartha agus ag Paróiste an Chnoic fré chéile. paróiste atá aitheanta anois ar cheann de na ceantracha is méithiúla. ó thaobh fostaíochta de, in aon limistéir tuaithe sa tír. Ní i ngan fhios do mhuintir an cheantair a tharla an fhorbairt seo. Tharla sé de thoradh na hoibre agus na pleanála a rinne pobal na háite sna blianta a chuaigh thart agus atá ar siúl go fóill. Agus 'sé an t-allas coirp agus intinne céanna sin a choinneós an ceantar i mbarr réime sna blianta atá le theacht agus do na glúnta atá le theacht.

Ach ní mór a bheith airdeallach nó íocfar go daor as an bhforbairt eacnamaíochta seo má thugtar cúl le cine agus le dúchas na háite. Tá seoda luachmhara fós sa gceantar nach féidir a shlánú sa mBruiséil ná i bhfoirgintí an Stáit. Muid fhéin agus muid fhéin amháin a dhéanfas caomhnú ar ár dteanga agus ár n-oighreacht Ghaelach. Má chailleann muid iad sin is beag an bhrí an fhorbairt eile ar deireadh thiar.

Má tá amhras fós ort faoi thairbhe na teanga nó an chultúir, breathnaigh ar an méid daoine, sean agus óg, atá ag obair sa gceantar - le *Raidió na Gaeltachta*, *Teilifís na Gaeilge*, *Údarás na Gaeltachta*, *Foinse*, comhlachtaí neamhspleacha teilifíse, Coláistí Gaeilge, comhlachtaí áitiúla agus le eagrais eile nach iad ar fud na háite.

Ná séan a ndúchas ar na daoine óga. Ná séan orthu a ndeís le fostaíocht a fháil ina gceantar dúchais.

S. Ó Braonáin.

Altanna san eagrán seo . . .

Comhgháirdeachas Libh! 4

Méadú ar an Scoil Nua 7
Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Cumann Micheál Breathnach 8
Tomás Ó Neachtain

Tearmann Annín 10
Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Scéal "Chailleach an Úafáis" 13
Tom Phaddy Mac Diarmada

Forbairtí 14
Gearóid De Faoite

Seanscoil Sailearna 17
Breandán Ó Tuairisg

Comórtas Ghlóir na nGael '98 22

Canon Lyons 25
Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Paróiste an Spidéil 27
Máirtín J. Ó hÉanaí

An Beirneach 30
Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Focla Scoir 33
Pádraig Ó hÉalaí

Pictiúir ar an gclúdach tosaigh:

Féile na mBád, amach ón Spidéil (*Rionach Uí Ógáin a ghlac*);
Cóiriú na Seanscoile; Méadú ar an Scoil Nua.

Dearadh agus Priondáil:

CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO., INDREABHÁN, CO. NA GAILLIMHE.
FÓN: (091) 593251 FAICS: (091) 593159